

Comhar Teoranta

Litríocht: "Cha robh mi drúidhte ann an dualchas!"

Author(s): Aonghas Mac Neacail

Source: *Comhar*, Iml. 53, Uimh 2 (Feb., 1994), pp. 20-21

Published by: Comhar Teoranta

Stable URL: <http://www.jstor.org/stable/25572308>

Accessed: 22/04/2010 15:35

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of JSTOR's Terms and Conditions of Use, available at <http://www.jstor.org/page/info/about/policies/terms.jsp>. JSTOR's Terms and Conditions of Use provides, in part, that unless you have obtained prior permission, you may not download an entire issue of a journal or multiple copies of articles, and you may use content in the JSTOR archive only for your personal, non-commercial use.

Please contact the publisher regarding any further use of this work. Publisher contact information may be obtained at <http://www.jstor.org/action/showPublisher?publisherCode=comteo>.

Each copy of any part of a JSTOR transmission must contain the same copyright notice that appears on the screen or printed page of such transmission.

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.



Comhar Teoranta is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Comhar*.

<http://www.jstor.org>

"Cha robh mi drùidhte ann an dualchas!"

Mar chuid de shuirbhé atá á dhéanamh aige ar fhilí comhaimseartha na Gàidhliche pléann Liam Prút

AONGHAS MAC NEACAIL (aonghas macneacail) san alt seo, file nach leasc leis módhanna cumadóireachta a úsáid nach mbaineann go dlúth leis an 'traidisiún mar a thuigeann traidisiúnaithe é. Tagraíonn na huimhreacha thíos do leathanaigh sa chnuasach **An Aghaidh na Siorruidheachd**, ina bhfuil rogha filíochta Gàidhliche na linne seo curtha ar fáil.

Rugadh an file seo ar an Oileán Sciathánach 1 1942. Deir sé nár tógadh i dteaghlach é 'far an robh mi drùidhte ann an dualchas, cleas Shomhairle'. In *bratach* 112, tugann sé 'an t-amadan naomh' air féin agus éilíonn go n-éistfí leis. Ceithre dháinín grá is ea *duanag an aghaidh eudaich* 112, (éad) atá taitneamhach, fírinneach. Tá *òran luaidh* 112-116, níos faide. Tá anáil e.e. cummings soiléir ann sa tslí nach mbaintear feidhm ach as mionlitreacha amháin. Dán taitneamhach grá é ina bhfuil an dá líne *b'áill leam thu/ bhith còmhla rium / mar churfá i ndiaidh gach dhá líne.*

Dáinín grá fírinneach eile is ea *an aimhreit* 116, (an t-aigneas) -

*tha caolas eadarainn a-nochd
mìs' air m'eilean, thus' air d'eileansa
aon fhacal bhua, a luaidh, is buailidh
mi le ràimh mar sgiathan sgairbh na tuinn. (broigheall)
bidh eòlas eadarainn a-nochd.*

Goirteamas mhùchadh an ghrá is an scarùnais is ábhar arís don cheathrú dáinín grá ar a dtugtar *dàn* 116 -

*sgriobh thu air m'anam
do nàdur, a bhídse gun chridhe, is dhùin
thu an leabhar gu grad mus d' ràinig (sula)
sinn deireadh ar sgeulachd
dh'fhuasgail is leig thu air falbh mi mar dhuilleag
bha seargte, a' tionndadh a-null gu craobh ùr
gheibh esan an ceudna a spionadh (stoitheadh)
mus seac thu às m'inninn-s' (sula siocfar)*

*mar ghalla fo choin rinn thu leum (bidse faoi adhall)
bho aon chlais gu clais eile
toirt dhomh adhbhair cho ciallach ri comhart
(sceamhaíl)
rinn thu m'fhàgail*

*ach, a ghaoil, ged a shracainn mo chridhe
cha scriob mi às d' àilleachd, fras earraich (cith)
do ghàire, drùdhadh do chniadaich, nas mìlse
(fliche do phóige)
na mìl, do phuisean, gam thachdadh. (nimh)*

Dán cumhachtach é seo ina bhfaightear léargas annamh ar ghleic an ghrá i gcomhthéacs an fhir a chailleann is a ghortaítear.

Bunáitear *thug thu dhomh samhradh* 120-4, ar abairt ó Phablo Neruda - *De los lenguajes humanos el pobre solo sabría tu nombre*. Tugtar casadh don abairt sin - 'anns gach cànan a labhras daoine bidh \ d'ainm air gach teanga, pròiseil, prìseil (bróduil, sárлуachmhar) \ 's tu mo chànan bheag sheang \ 's tu gam ionnsachadh (do m'fhoghlaim) \ mo ghaol àrsaidh òg'. Níor chóir anailísiú fuar a dhéanamh ar an bhfilíocht fhíorleochaileach seo agus má roghnaítear giotáí anseo le cur os comhair an léitheora is amhlaidh atáthar ag iarraidh blaiseadh a sholáthar gan feall ar chomhthéacs don té nach mbeidh an cnuasach in aice láimhe aige. Dán álainn grá é seo a ghluaiseann ón ngeimhreadh tríd an earrach - 'gheàrr sgeinean an reothaidh an cèitean' (bealtaine). Leagtar amach atmaisféar dubhach na dúluachra gan dóchas - 'chaidh teanga na treabha balbh'. Tá línte áille ann ó thús go lár -

*bha mise, 's mo shannt gu tràghadh (mian)
a dh'aindeoin, sìor shireadh
fiù 's gaoireag à fidheall (caoineadh as fidil)
no fannal à fànas (fannghal as folús).
is choinnich mi riut (bhuaill mé)
mar lasair bhlàth ròis às an domhan
nochd dhomh blasad dhed bhinneas
nad ghnogadh gun fhiosta 's do thìghinn
a-staigh orm, is (cnao) (cnao)
thug thu dhomh samhradh -
agus go háirithe ó lár go deireadh.*

Dán fada (agus leabhar a foilsíodh i 1984) is ea *an cathadh mòr* a dtugtar dhá bhlogha de anseo, 118-120. Leagtar radharc an tsneachta mhóir os ár gcomhair sa chéad roinn agus cruthaítear atmaisféar inchreidte na fuachta agus an fhuirigh. Sa dara roinn léirítear cailliúint an ghrá de dheasca an chathaidh nó an tsneachta - 'ban-dè nan trì gnùis' (gealach, grian, gála), 'am murtair' (murdaróir) 'aighearach (aerach) geal air an t-sliabh' (riasc). Bua sin Chatriona Nic Gumaraid a cuid a rá trí urlabhra an dúlra, tá sé i bhfad níos suaithinsí anseo agus is é mórbhua Mhic Neacail é.

Maidir le *bha'n oidhche ud* 124, dáinín taitneamhach faoi imeacht agus fillleadh an chait (!) gan leithscéal ar bith, atá ann: samhail na saoirse? Dán an-chumhachtach, an-liriciúil is ea *fòrladh dhachaidh* (sa bhaile ar saoire) 124, de chineál a sholáthraíonn cuid mhór d'fhilí na

Gàidhlig. Tá deireadh anois le 'cianalas' (cumha) agus tá an fhearg i réim nuair a chítear 'preas' (sreach) eile ar iarraidh 'sa mheasghart cheòlar' (úllghort ceolmhar). Thugamar faoi deara an nóta binn bróin céanna in *An Taigh Beag* fara Cairiona Nic Gumaraid.

Ceann de na hábhair phoiblí is tábhachtaí i stair an phobail in Albain agus in Éirinn atá faoi thrácht in *oideachadh ceart* 126-130. Ní ionann agus cás iliomad d'fhilí 'móra' na Gaeilge is léir an dáiríreach agus aghaidh an fhile ar thaithí a chine. Níl aon saorgacht ná stáitsiúlacht ag baint le filíocht an fhile seo a bhfuil oiread sin de theacht i láthair ar stáitse ann -

*cha b' eachdraidh ach gràmar
rob donn
uilliam ros
donnchadh bàn
mac a' mhaighistir
cha b' eachdraidh ach cuimhne
màiri mhòr, màiri mhòr
a dtidhean ceòlar, (díotálacha)
cha b' eachdraidh ach cuimhne
na h-òrain a sheinn i
dha muinntir an cruadh-chàs dha muinntir an dùbhlán..
(dúshlán)*

Níl aon amhras ach go bhfuil an stair mar dhlúth agus inneach na filíochta agus is beag d'fhilí na hAlban chomh nua-aimseartha le hAonghas Mac Neacail. Taobh nua-aimseartha d'oides Mhic Neacail a léirítear in *chum mi seachad* 136. Baintear feidhm as an rithimiúlacht in aghaidh bhagairt agus 'smèideadh' an bháis -

*chum mi seachad air
an t-sràid far an robh bàs a' dannsa
an t-sràid far an robh bàs a' dannsa
an t-sràid far an robh bàs a' dannsa;
ach ní léir gur éirigh leis an bás a sheachaint -
romham bha an tìr
far an robh bàs na rìgh oirr'
agus an sluagh an-fhoiseil. (ceannairceach)*

Tá buncheisteanna oideachais agus taithí - dáiríreach, b'fhéidir - i bhfilíocht na Gàidhlig nach bhfeicimid chomh minic céanna abhus. Mothú láidir míshuaimhnis in *samhla* 130, alter ego - 'sùil d'fhaileis' - an fhile i riocht 'madadh liath' (mac tíre) -

*am faic thu portan is rodan (francach)
a' dannsa gu tiamhnaidh (go sollúnta)
is nathair air spiris an ugainn,
(ar fara ar an dealrachán)
a deoghal do bhriathran.*

Is é críoch an dáin
*an tàmh (sa chiúnas) tha mi luaineach,
an tosd tha mi fuaimneach.*

Baineann *an tùr cailte* 130 - samhail bhíobalta na dteangacha - le gleic an dá theanga a mheabhródh do dhuine an dán *Cogadh an Dà Chànain* 134, le Maoilios Caimbeul, ina gcaintíonn an file sin ar an . Samhail na


fola sa cholainn ar an taobh amháin agus 'èideadh ciomaich' (cime) ar an taobh eile ag macneacail: ceann acu 'a' ruith na dealan brisg trom fhèithean' agus an ceann eile ag iarraidh 'bàighean (agus tràighean) an t-saoghail a ruigheachd' (a shroicheadh). Agus comhréiteach na hathbhrí sa deireadh -

*seinneamaid laoidh don
chainnt a sheas binn
seinneamaid moladh
don sgàinear. (don stollaire)*

Dán atá beagán beicitiúil is ea *beul beag* 132-4, ina labhraíonn an file leis an leannán nó leis an leanbh atá ina c(h)odladh agus ar léi nó leis an béal -

*a bheòil bhig
sporain nam fuaim
nad ròs rèidh
's tu cala 'n t-suain*

*a bheòil bhig
nuair a thilleas tu
à gleann nam balbh
an inns thu dhaibh
nach cual' thu fòs
nad chànán ùr
nach toigh leat cràdh. (nach maith leat pian)* ■



aonghas macneacail